Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10712 – APOLLO MANAGEMENT / TENNECO)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 379/08)

1. An 23 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Apollo Management, L.P. ("Apollo", Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Tenneco Inc. ("Tenneco", Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh Apollo rialú aonair ar Tenneco ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Apollo gníomhach i mbainistiú sócmhainní domhanda agus in infheistíochtaí punainne. Fuair Apollo rialú aonair ar MAFTEC Co. Ltd. ("MAFTEC") le déanaí. Tá MAFTEC gníomhach i dtáirgeadh agus i soláthar pluideanna agus mataí olla de shnáithíní alúmana polaichriostalacha ("PCW"). Úsáidtear blaincéid PCW le haghaidh feidhmeanna dóiteáin ardteochta éagsúla. Is féidir pluideanna PCW a phróiseáil a thuilleadh chun mataí PCW a tháirgeadh, a úsáidtear mar thacaíocht foshraithe i dtiontairí catalaíocha gluaisteán.

— Is soláthraí domhanda comhpháirteanna do mhótarfheithiclí é Tenneco. Úsáideann Tenneco mataí PCW mar ionchur chun tiontairí catalaíocha agus córais iarchóireála a mhonarú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10712 – APOLLO MANAGEMENT / TENNECO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").